

BLBD**Bileog Eolais do Thuistí****COSAINT NA SLÁINTE DÉAN IMDHÍONÚ****Céard is BLBD ann?**

Cosnaíonn an vacsaín BLBD an leanbh ar bhruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg. Oibríonn an vacsaín tríd an gcóras imdhíonachta a spreagadh chun cosaint a thógáil i gcoinne na ngalar seo.

Fíric faoi BLBD

Níl bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg chomh coitianta anois ó tugadh an vacsaín isteach. Ach is féidir le ráigeanna tarlú go fóill mura bhfuil vacsaíniú déanta ar go leor leanaí.

Céard is bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg ann?

Is galair víreasacha iad bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg agus tá siad sár-thógálach. Scaiptear iad nuair a chuirtear an víreas ó dhuine a bhfuil an galar air/uirthi go dtí duine nach bhfuil aon chosaint aige/aici orthu.

	Airíonna coitianta	Aimhréidh fhéideartha
Bruitíneach	Fiabhras agus gríos, chomh maith le súile dearga pianmhara	Tagann ionfhabhtú cluaise ar dhuine amháin as 20 de na daoine a mbíonn bruitíneach orthu. Is féidir le duine as 25 níúmóine nó broincíteas a thógáil.
Leicneach	Faireoga pianmhara ata faoin ngiall chomh maith le fiabhras	Éiríonn na magairlí ata agus pianmhar i gcás fear fásta amháin as cúigear. D'fhéadfadh leicneach ar an máthair le linn toirchis, fadhbanna a chruthú don leanbh atá ag forbairt. Is í leicneach an chúis is mó a bhíonn le meiningíteas víreasach i measc leanaí.
Bruitíneach Dhearg	Fiabhras agus gríos	Má thagann bruitíneach

Irish

		<p>dhearg ar bhean atá ag iompar clainne, d'fhéadfadh máchail bhreithe thromchúiseach teacht ar a leanbh, cosúil le daille, dochar inchinne, bodhaire, fadhbanna croí agus fadhbanna aimhréidhe tromchúiseacha eile.</p>
--	--	--

Fíric faoi BLBD

Faigheann 1-2 milliún leanbh bás ó bhruitíneach ar fud an domhain gach uile bhliain.

Cé na daoine ar cheart dóibh an vacsaín BLBD a fháil?

Ba cheart imdhíonú a dhéanamh ar leanaí atá os cionn 12 mí d'aois. Ba cheart iad a thabhairt ag do dhochtúir teaghlaigh chun an vacsaín a fháil saor in aisce. Ba cheart dáileog sa bhreis a thabhairt do leanaí ag 4-5 bliana d'aois. Déantar é seo ar scoil de ghnáth. Tabharfaidh dhá dháileog de BLBD an chosaint is fearr do do leanbh.

Céard a tharlóidh tar éis an Vacsaínithe?

D'fhéadfadh do leanbh a bheith tinn, ata nó dearg thart timpeall ar an áit ar tugadh an t-instealladh.

D'fhéadfadh sé/sí a bheith cantalach agus d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi.

Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dó/di. Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach bhfuil a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

An bhfuil daoine áirithe ann nár cheart dóibh vacsaín BLBD a fháil?

Is beag duine nár cheart dó/di vacsaín BLBD a fháil. Níor cheart do do leanbh é a fháil má tháinig fíorfhrithghníomh ailléirgeach air/uirthi (anaifíolacsas) de bharr vacsaíne a fuair sé/sí roimhe sin nó aon chuid de vacsaín.

Ba cheart duit fanacht sula bhfaighidh tú vacsaín do do leanbh:

- má tá do leanbh tinn le fiabhras atá os cionn 38oC (100oF);
- má tá sé/sí ag glacadh dáileog ard de chortacastéaróidigh;
- má tá cóireáil á cur air/uirthi cosúil le ceimiteiripe nó radaiteiripe; or
- má tá aon tinneas nó galar air/uirthi a mbeadh tionchar aige ar a c(h)óras imdhíonachta.

Má tá aon bhuairt ort, labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí áitiúil.

Ar cheart do mo leanbh an vacsaín a fháil má tá ailléirge uibheacha air/uirthi?

Irish

Ba cheart. Is féidir le leanaí a bhfuil ailléirge uibheacha orthu an vacsaín BLBD a fháil. Má tá tú buartha faoi ailléirge uibheacha tromchúiseach, labhair le do dhochtúir teaghlaigh.

An bhfuil aon nasc ann idir an vacsaín BLBD agus uathachas nó galar inne?

Níl. Tá go leor taighde ann a léiríonn nach bhfuil aon nasc ann idir an vacsaín BLBD agus uathachas, galar inne ná hipirghníomhaíocht.

Má tá níos mó eolais uait

- Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí.
- Faigh cóip de Imdhíonú mo Linbh - treoir do thuisí, atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.
- Tabhair cuairt ar www.immunisation.ie nó www.hspc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú

Dáta foilsithe: Márta 2007